

North South Ministerial Council  
Joint Secretariat



An Chomhairle Aireachta  
Thuaidh Theas  
An Chomhrúnaíocht

## **PÁIPÉAR CATT TEANG 2 (14) CR**

# **AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS**

## **CRUINIÚ - AN FORAS TEANGA**

## **OIFIGÍ CHOMHRÚNAÍOCHT CATT, ARD MHACHA**

**27 Samhain 2014**

## **COMHRÁITEAS**

1. Tionóladh an dara cruinniú is fiche d'Fhoras Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas in Ard Mhacha ar an 27 Samhain 2014. D'fhreastail Heather Mhic Unfraidh TD, an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Joe McHugh TD, an tAire Stáit le freagracht speisialta as Gnóthaí Gaeltachta, Carál Ní Chuilín, MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, agus an tAire Sóisearach in OCALCA, Jonathan Bell MLA, ar an gcruinniú. Rinne an tAire McHugh cathaoirleacht ar an gcruinniú.

### **DEISEANNA CISTITHE SAN AE**

2. Nótáil na hAirí go bhfuil Gníomhaireachtaí an Fhorais Teanga ag sainaitint deiseanna féideartha chun na buntáistí a bhaineann le cistiú AE a uasmhéadú.

### **TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN**

3. Nótáil na hAirí na tuarascálacha ar dhul chun cinn ó Chathaoirligh agus ó Phríomhfheidhmeannaigh Fhoras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na

hUltaise ina bhfuil na héachtaí seo a leanas a bhaineann leis an tréimhse idir Aibreán agus Deireadh Fómhair 2014:

### Foras na Gaeilge

- Tuilleadh dul chun cinn maidir leis na socrúcháin chistithe nua, lena n-áirítear 8 gcruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta agus 2 chruinniú den Fhóram Forbartha Teanga, agus comhaontú i ndáil leis an bplean straitéiseach ardleibhéil foriomlán chomh maith le pleananna trí bliana do gach ceann de na sé réimse straitéiseach.
- Seoladh an nuachtán nua ar líne, Tuairisc.ie ([www.tuairisc.ie](http://www.tuairisc.ie)) le buiséad de €1.2m ar chonradh ceithre bliana agus an iris stíl mhaireachtála ar líne, Nós ([www.nosmag.com](http://www.nosmag.com)) le buiséad de €204,600 ar chonradh trí bliana;
- Tá na spriocanna i ndáil le mórthionscadal nua an Fhoclóra Béarla/Gaeilge ([www.focloir.ie](http://www.focloir.ie)) á mbaint amach go leanúnach i dtreo 70% den ábhar deiridh, lena n-áirítear comhaid fuaime, a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin beo roimh dheireadh na bliana chomh maith le sonraíocht aipe a fhorbairt a bheidh ar fáil go luath in 2015;
- Conradh bronnta chun anailís a dhéanamh ar thorthaí an tsuirbhé mhóir uile-oileáin in 2013 maidir le meon an phobail i leith na Gaeilge. Cuirfidh an obair seo go suntasach le tosaíochtaí a shainnithint sa todhchaí agus le ceapadh beartais i gcoitinne; agus
- Rinneadh comhairliúchán maidir leis an athbhreithniú ar an Scéim Phobail Ghaeilge 2015-17 a reáchtáil ó lár mhí Iúil go dtí an 24 Samhain 2014. Tá Foras na Gaeilge ag breithniú na freagraí a fuarthas chomh maith leis an gclár ama lena gcur i bhfeidhm. Bhí comhairliúchán maidir leis na Líonraí Gaeilge mar chuid den phróiseas freisin.

### Gníomhaireacht na hUltaise

- Forbairt ionaid nua, an *Discover Ulster-Scots Centre*, ag an Corn Exchange Ulster-Scots Hub ar Shráid Victoria, Béal Feirste. Rinneadh é seo a fhorbairt i gcomhar le roinnt comhpháirtithe agus déanfaidh sé an deis chomhoibrithe in earnáil na hUltaise a uasmhéadú agus sárthaispeántas nua-aimseartha de chultúr na hUltaise a chur ar fáil don phobal i gcoitinne;
- Tá tús curtha le dhá thionscadal nasctha scoile thoir/thiar idir bunscoileanna i gcúige Uladh agus in Albain - nascadh bunaithe ar an oidhreacht longthógála idir Bunscoil Cregagh i mBéal Feirste agus Bunscoil Castle Park in Irvine, agus nascadh bunaithe ar théama Robbie Burns agus filíocht Ultaise idir Bunscoil Glynn i Latharna agus Bunscoil Catrine, Ayrshire;
- Cuireadh cistiú agus tacaíocht ar fáil do 22 scoil samhraidh (méadú de 7 scoil samhraidh ó bhí 2013 ann) i raon d'ionaid phobail trína ndéantar teagmháil le níos mó ná 1,000 duine den aos óg; agus

- Tháinig méadú ar an rannpháirtíocht i réimse an oideachais go níos mó ná 100 scoil i gCúige Uladh i mbliana, lena n-áirítear 29 gclub iarscoile a chur ar fáil go leanúnach agus cistiú do chlár teagaisc cheoil agus dhamhsa ó Mheán Fómhair go Nollaig 2014 i 49 scoil, 5 chinn acu i gcontaetha cois teorann.

Nótáil na hAirí freisin go ndearnadh dul chun cinn ar chomhoibriú idir Gníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge, lena n-áirítear:

- Clár trialach sé seachtaine a fhorbairt, ag tosú i mí na Nollag 2014 i 4 scoil dara leibhéal imeasctha, lena ndéantar iniúchadh ar choincheap an chultúir i gcoitinne agus go háirithe i ndáil le gnéithe éagsúla de chultúr na Gaeilge agus na hUltaise; agus
- Comhoibriú leanúnach idir-ghníomhaireachta ar shaincheisteanna rialachais agus ar chur chun cinn obair an Fhorais Teanga, lena n-áirítear cúrsaí airgeadais, tionscadail chomórtha ar nós plaic ghorm James Duffy i gContae Dhún na nGall agus cruinnithe de bhord iomlán an Fhorais Teanga.

#### **BUISÉID THÁSCACHA DO 2013, DRÉACHT-PHLEANANNA GNÓ AGUS BUISÉID DO 2014 AGUS 2015, AGUS DRÉACHT-PHLEANANNA CORPARÁIDEACHA 2014-2016**

4. Chomhaontaigh na hAirí na buiséid tháscacha 2013 de €16,514,672 (£13,542,031) d'Fhoras na Gaeilge agus £2,662,080 (€3,246,439) do Gníomhaireacht na hUltaise, a úsáidtear mar bhunlíne do bhuiséid 2014-2016.
5. Nótáil siad an méid seo a leanas freisin:
  - Na dréachtPhleananna Gnó 2014 le buiséid de €15,358,645 (£13,208,435) d'Fhoras na Gaeilge agus £2,475,734 (€2,878,761) do Gníomhaireacht na hUltaise;
  - DréachtPhleananna Gnó 2015 le buiséid de €15,193,498 (£12,306,734) d'Fhoras na Gaeilge agus £2,449,114 (€3,023,597) do Gníomhaireacht na hUltaise;
  - DréachtPhleananna Corparáideacha d'Fhoras na Gaeilge agus do Gníomhaireacht na hUltaise le buiséid tháscacha de €14,532,911 (£11,771,658) d'Fhoras na Gaeilge agus £2,342,630 (€2,892,136) do Gníomhaireacht na hUltaise do 2016, a bheidh faoi réir bhreithnithe buiséid Rialtas na hÉireann agus Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann; agus
  - An toradh dearfach a tháinig as bunlíne táscach 2013 a úsáid, agus gur chuir an leithdháileadh beartaithe do 2015 na buiséid don tréimhse 2014-2015 ar aon dul leis na riachtanais charntha fhoriomlán do choigiltis éifeachtachta a aontaíodh leis na Ranna Airgeadais.

6. Agus an dul chun cinn ar na Pleananna Gnó á nótáil acu, cheadaigh na hAirí roinnt príomhthosaíochtaí freisin do na Gníomhaireachtaí don bhliain 2015 agus nótáil siad go dtabharfar na dréachtPheananna agus dréachtBhuiséid Ghnó agus Chorparáideacha chuig cruinniú CATT amach anseo lena gceadú.

## **CUNTAIS AGUS TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA AN FHORAIS TEANGA**

7. Nótáil an Chomhairle gur cuireadh Cuntais agus Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite 2012 don Fhoras Teanga faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus Chomhthionól Thuaisceart Éireann ar an 24 Deireadh Fómhair 2014.
8. Nótáil siad freisin cur cuireadh iniúchtaí na hoibre allamuigh ar chuntais 2013 i gcrích agus, tar éis an obair a rinne na hArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste chun cuntais gach Gníomhaireacht a chríochnú, tá sé beartaithe go leagfar Cuntais agus Tuarascáil Bhliantúil chomhdhlúite an Fhorais Teanga 2013 faoi earrach na bliana 2015.
9. Nótáil na hAirí gur dócha go gcuirfidh an dá Gníomhaireacht a ndrúacht-Thuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2014 faoi bhráid na Ranna Urraíochta faoin 31 Márta 2015.

## **FORAS NA GAELIGE – COLMCILLE**

10. Nótáil na hAirí go bhfuil Foras na Gaeilge agus Bòrd na Gàidhlig tiomanta do leanúint ar aghaidh ag cur an tionscadal Colmcille ar fáil, mar thacaíocht do thionscnaimh fhorbartha na Gaeilge agus Ghaeilge na hAlban sa dá dháilínse agus in Albain.
11. Cheadaigh an Chomhairle socruithe riaracháin nua do Cholmcille, a chuimsíonn na príomhghnéithe seo a leanas:
  - Leanfaidh Foras na Gaeilge le cur chun cinn Cholmcille sa dá dháilínse agus leanfaidh Bòrd na Gàidhlig ar aghaidh ag cur Colmcille chun cinn in Albain, gan naisc dhíreacha bhuiséid agus riaracháin;
  - Bunófar comhghrúpa oibre idir-eagraíochta le díriú ar thionscadail straitéiseacha, tosaíochtaí cistithe agus tionscnaimh chomhoibrithe a phlé, dea-chleachtas a roinnt agus naisc inbhuanaithe a chruthú sa phobal; agus
  - Leanfaidh an dá Roinn Urraíochta ar aghaidh ag cur comhchistiú imfhálaithe do Cholmcille ar fáil d'Fhoras na Gaeilge gach bliain.

## **GNÍOMHAIREACHT NA hULTAISE - BEALACH OIDHREACHTA BRUCE**

12. Rinne POF Gníomhaireacht na hUltaise cur i láthair do na hAirí inar leagadh amach tionscadal bhealach oidhreachta Bruce chun 700 bliain d'Edward Bruce in Éirinn a chomóradh agus aithníodh go gcuireann an tionscadal seo le hobair leanúnach na Gníomhaireachta i réimsí an oideachais agus na turasóireachta cultúrtha.

## **AN CHÉAD CHRUINNIÚ EILE**

13. D'aontaigh an Chomhairle go dtionólfar an chéad chruinniú eile den Fhoras Teanga in earrach 2015.

**An Chomhrúnaíocht  
27 Samhain 2014**

**[www.northsouthministerialcouncil.org](http://www.northsouthministerialcouncil.org)**